

Córas Bainistíochta Páirtithe Leasmhara (SMS) — Ráiteas Sonrach Príobháideachais

Baineann an ráiteas príobháideachais seo le próiseáil sonraí pearsanta ag Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (ECA), ar sonraí iad a bhailítear laistigh de chreat an chórais SMS. Tá cur síos thíos ar an gcaoi a ndéanann an ECA do shonraí pearsanta a phróiseáil agus do phríobháideachas a chosaint.

Cé atá freagrach as do sonraí a láimhseáil?

Is é Stiúrthóir na hUachtaránachta ECA an rialaitheoir atá freagrach as an gcaoi a ndéantar do sonraí a phróiseáil.

Cén fáth a mbailimid do sonraí?

Is é an cuspóir le do sonraí a bhailiú ná cumarsáid a fheabhsú trí fhoilsiú thuarascálacha ECA do pháirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne a fhógairt ar bhealach a dhíríonn ar a leasanna sonracha féin. Áirítear lenár straitéis um chaidreamh páirtithe leasmhara 2013 foráil chun bunachar sonraí cuimsitheach páirtithe leasmhar a chur ar bun. D'fhéadfaí seoltaí ríomhphoist na bpáirtithe leasmhara a úsáid le haghaidh suirbhéanna ag ECA.

Cad iad na rialacha lena rialaítear úsáid do sonraí?

Tugtar an creat dlíthiúil i ndáil le próiseáil de sonraí pearsanta ag an ECA le [Rialachán \(AE\) 2018/1725](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i dtaca le próiseáil de sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus i dtaca le saorghluaiseacht de sonraí den chineál sin.

Cad iad na sonraí pearsanta a bhailimid?

D'ainm, do sheoladh ríomhphoist, d'inscne, teanga/teangacha a úsáidtear, ainm d'eagraíochta, d'fheidhm san eagraíocht sin agus na hábhair nó cineálacha foilseachán ECA inar léirigh tú spéis. I cásanna áirithe, déanaimid do sheoladh agus d'uimhir theileafóin a stóráil freisin, mar aon le do thír dhúchais, do cheangal polaitiúil (polaiteoirí amháin) agus do bhallraíocht d'aon choistí. Má d'iarr tú bheith san áireamh inár mbunachar sonraí, déanaimid an dáta iontrála agus an fógra toilithe a stóráil.

Cé aige a bhfuil rochtain ar do sonraí agus cé dó a nochtar iad?

Is é an bainisteoir SMS i Stiúrthóireacht na hUachtaránachta ECA a dhéanann maoirseacht ar rochtain ar do sonraí pearsanta. Is féidir le foireann ainmnithe SMS ag an ECA rochtain a fháil ar do sonraí, lena n-áirítear baill foirne ón Ardrúnaíocht. Féadfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí ECA, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus/nó an tOmbudsman Eorpach rochtain a fháil ar do sonraí freisin, más gá dóibh aghaidh a thabhairt ar aon ghearáin.

Conas a chosnaimid i gcoinne mí-úsáid fhéideartha á baint as do sonraí nó rochtain neamhúdaraithe á fáil ar do sonraí?

Déanaimid na sonraí atá againn fút a stóráil i lárionad sonraí an ECA, atá lonnaithe i Lucsamburg. Dá bhrí sin, cumhdaítear thú leis an iliomad beart a ghlacamar chun infhaighteacht, sláine agus rúndacht ár sócmhainní leictreonacha féin a chosaint.

Tá rochtain ar sonraí pearsanta teoranta do ghrúpa sonrach úsáideoirí. Tugtar cearta rochtana ar bhonn riachtanas eolais, ag cur san áireamh ról, post agus freagrachtaí an duine lena mbaineann. Tugtar na cearta sin cothrom le dáta ar bhonn leanúnach de réir mar a athraíonn tascanna na foirne.

Tá freagracht fhoriomlán ag Ard-Rúnaí ECA ar na rialacha maidir le cearta rochtana a chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh na rialacha maidir le cosaint sonraí, ach d'fhág sé freagracht sna réimsí sin faoi eintitis éagsúla.

Cinntíonn Oifigeach Slándála Faisnéise ECA go gcuirtear ár mbeartas slándála faisnéise chun feidhme mar is ceart agus go ndéantar na seiceálacha lena mbaineann a thástáil ar mhaithe le héifeachtúlacht.

Cá fhad a choimeádfaimid do shonraí?

Coimeádfar do shonraí pearsanta sa chóras go dtí go ndíchláraíonn tú nó go gcuirtear ar an eolas sinn nach bhfuil d'fheidhm nó do shonraí teagmhála ceart a thuilleadh. Is féidir díchlárú ón liosta páirtithe leasmhara SMS, tráth ar bith, trí scríobh chuig [ECA-InstitutionalRelations\(at\)eca.europa.eu](mailto:ECA-InstitutionalRelations(at)eca.europa.eu). Déanfaimid do phróifíl a scriosadh ón mbunachar sonraí a luaithe a bheidh fógra againn gur dhíchláraigh tú. Déanfar do shonraí a scriosadh go hiomlán tar éis 30 lá.

Cad iad na cearta atá agat?

Tá sé de cheart agat **rochtain** a fháil ar do shonraí pearsanta agus iad a bheith **ceartaithe** gan rómhoill mas rud é go bhfuil siad míchruinn nó neamhiomlán. I gcúinsí áirithe, tá sé de cheart agat iarraidh go ndéanaimid do shonraí pearsanta a **scriosadh** nó an úsáid a bhaintear astu a **shrianú**.

Nuair is infheidhme, tá sé de cheart agat **cur i gcoinne** ár bpróiseála do shonraí pearsanta, mar gheall ar do chúinsí féin, tráth ar bith, agus tá sé de cheart agat inaistritheacht shonraí a bheith agat. Déanfaimid d'iarratas a mheas, glacfaimid cinneadh agus cuirfimid é sin in iúl duit gan rómhoill, agus i gcás ar bith laistigh de mhí tar éis d'iarratas a fháil. Féadfar síneadh ama dhá mhí a chur leis an tréimhse sin nuair is gá.

Tá do chearta ar do shonraí pearsanta leagtha amach in Airteagail 17 go 24 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Is féidir do chearta a fheidhmiú ach teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí, trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis theagmhála thíos.

Cé hé/hí an teagmhálaí sa chás go mbíonn ceisteanna nó gearáin agat?

Is é an chéad phointe teagmhála [ECA-InstitutionalRelations\(at\)eca.europa.eu](mailto:ECA-InstitutionalRelations(at)eca.europa.eu), atá faoi bhainistiú ag Stiúrthóireacht na hUachtaránachta ECA.

Má bhíonn tuilleadh faisnéise uait nó dá mba mhaith leat gearán a dhéanamh i ndáil le próiseáil do shonraí pearsanta, is féidir leat dul i dteagmháil freisin leis an Oifigeach Cosanta Sonraí:

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
An tOifigeach Cosanta Sonraí
1615 Lucsamburg
LUCSAMBURG
Ríomhphost: [eca-data-protection\(at\)eca.europa.eu](mailto:eca-data-protection(at)eca.europa.eu)

Sa bhreis air sin, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh, tráth ar bith, leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ([edps\(at\)edps.europa.eu](mailto:edps(at)edps.europa.eu)).